



---

## TÉACSANNA ARNA nGLACADH

---

### P8\_TA(2017)0312

#### **Úsáidí ceadaithe de shaothair áirithe agus d'ábhar eile atá cosanta chun leasa daoine dalla, daoine lagamhairc nó daoine atá faoi mhíchumas léitheoireachta cló ar bhealach eile \*\*\*I**

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Iúil 2017 ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáidí ceadaithe áirithe de shaothair agus d'ábhar eile atá cosanta le cóipcheart agus le cearta gaolmhara chun leasa daoine dalla, daoine lagamhairc nó daoine atá faoi mhíchumas léitheoireachta cló ar bhealach eile agus lena leasaítear Treoir 2001/29/CE maidir le comhchuibhiú gnéithe áirithe den chóipcheart agus de chearta gaolmhara sa tsochaí faisnéise (COM(2016)0596 – C8-0381/2016 – 2016/0278(COD))**

#### **(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2016)0596),
- ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C8-0381/2016),
- ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
- ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 25 Eanáir 2017<sup>1</sup>,
- ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhorpheas an coiste freagrach faoi Riail 69f(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don ghealltanais a thug ionadaí na Comhairle trí litir an 19 Bealtaine 2017 chun seasamh na Parlaiminte a fhorpheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
- ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
- ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla agus do na tuairimí ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas agus ón gCoiste um Achainíochas (A8-0097/2017),

---

<sup>1</sup> IO C 125, 21.4.2017, lch. 27.

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;
2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig an bParlaimint arís má chuireann sé téacs eile in ionad a thogra, má leasaíonn sé go suntasach é nó má tá sé ar intinn aige é a leasú go suntasach;
3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**P8\_TC1-COD(2016)0278**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 6 Iúil 2017 chun go nglacfaí Treoir (AE) 2017/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáidí ceadaithe áirithe de shaothair agus d'ábhar eile atá cosanta le cóipcheart agus le cearta gaolmhara chun leasa daoine dala, daoine lagamhairc nó daoine atá faoi mhíchumas léitheoireachta cló ar bhealach eile agus lena leasaítear Treoir 2001/29/CE maidir le comhchuibhiú gnéithe áirithe den chóipcheart agus de chearta gaolmhara sa tsochaí faisnéise**

*(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Treoir (AE) 2017/1564.)*